



Creat Foghlama Digití

Ceisteanna Machnaimh don Mhúinteoir

Caighdeán 3.4: Freagraíonn an múinteoir do riachtanais foghlama aonair agus déantar difreáil sna gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama de réir mar is gá.

Ceisteanna Machnaimh don Mhúinteoir

1. Cad iad na straitéisí a úsáideann tú chun measúnú a dhéanamh agus chun dul i ngleic le riachtanais foghlama éagsúla do dhaltaí agus tú ag pleanáil ceachtanna?
2. Cad iad na huirlisí digiteacha nó na hacmhainní a chabhraíonn le dul i ngleic le riachtanais foghlama aonair?
3. Ar tugadh gléas d'aon duine de do dhaltaí chun tacú lena gcuid foghlama? Más rud é gur tugadh, cén chaoi a dtacaíonn an gléas lena gcuid foghlama?
4. An mbaineann tú leas as gnéithe inrochtaineachta (m.sh. aithint cainte, aistriúchán teanga, teanga go téacs, teidil dhúnta srl.) chun cabhrú le do dhaltaí?
5. Cad iad na céimeanna a ghlacann tú lena chinntiú go bhfuil do cheachtanna inrochtana agus spreagúil do dhaltaí a bhfuil cumais éagsúla acu?
6. Cad iad na bealaí a spreagann tú daltaí teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid go gníomhach chun tacú lena gcuspóirí foghlama aonair?
7. Cén chaoi a ndéanann tú monatóireacht agus measúnú ar éifeachtach na n-uirlisí digiteacha maidir le dul i ngleic le riachtanais foghlama áirithe laistigh de do sheomra ranga?
8. An féidir leat sampla a roinnt nuair a d'athraigh tú ceacht nó gníomhaíocht bunaithe ar riachtanais dalta le húsáid a bhaint as teicneolaíocht dhigiteach?
9. An bhfuair tú rochtain riamh ar FGL ar theicneolaíochtaí cúnta?

